C/2024/4405

8.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11504 – ICIG / EVONIK SUPERABSORBER COMPANIES)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4405)

1. An 1 Iúil 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— ICI Holding SE ('ICIG', an Ghearmáin), faoi rialú International Chemical Investors Group GmbH ('ICI Group', an Ghearmáin), faoi rialú deiridh Dr Achim Riemann,

— Evonik Superabsorber GmbH ('ESG', an Ghearmáin), faoi úinéireacht an ghrúpa Evonik Industries AG ('Evonik', an Ghearmáin),

— Evonik Superabsorber LLC ('ESL', na Stáit Aontaithe), faoi úinéireacht an ghrúpa Evonik.

Gheobhaidh ICIG rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar ESG agus ESL ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa tionsclaíoch é ICIG, a dhíríonn ar ghnólachtaí ceimiceacha agus cógaisíochta meánmhéide. Tá baint ag na gnólachtaí uile atá faighte ag ICIG le corparáidí ceimiceacha nó cógaisíochta domhanda,

— Tá ESG gníomhach i dtáirgeadh ábhar sár-ionsúiteach, *i.e.* substaintí ceimiceacha neamh-intuaslagtha (polaiméirí atá bunaithe ar pholaicrioláit den chuid is mó) a ionsúnn leachtanna agus nach scaoileann iad fiú faoi bhrú, chomh maith le táirgeadh aigéad aicrileach, ar réamhtheachtaí iad d'ábhair sár-ionsúiteacha,

— Tá ESL gníomhach freisin i bhforbairt, táirgeadh agus díol ábhar sár-ionsúiteach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11504 – ICIG / EVONIK SUPERABSORBER COMPANIES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún trí ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË